

Cé na torthaí a bheidh le sonrú faoin mbliain 2021?

Tá an daonra ag méadú chomh maith le táirgeadh i gcúrsaí talmhaíochta agus eacnamaíochta. Mar thoradh air sin is dúshlán mór é cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú.

Beidh plan eile ag teastáil i ndiaidh 2021 chomh maith lena thuilleadh dul chun cinn. Faoi 2021, ba chóir go mbeadh na feabhsúcháin a leanas le sonrú.

- Cóireáil á dhéanamh ar níos mó dramhuisce i gceantair uirbeacha
- Béim níos mó i gcúrsaí talmhaíochta ar úsáid níos éifeachtaí a bhaint as cothaithe agus ar cháilíocht uisce
- Cosaint níos fearr ar fhoinsí uisce le hól don phobal
- Bearta nua cáilíochta uisce i gcás 600–700 dobharlach
- Feabhas ar cháilíocht i gcás 150 dobharlach eile
- Idirchaidreamh níos mó leis an bpobal agus le geallsealbhóirí i dtaobh saincheisteanna uisce



An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Oifig Pobail agus Uisce na nÚdarás Áitiúil a chuir an bhileog eolais seo i dtoll a chéile.

5

Cá háit a bhfuil cóip den dréachtphlean le fáil?

Tá cóip de Dhréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 le fáil ar láithreáin gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

<http://www.housing.gov.ie/water/water-quality/river-basin-management-plans/public-consultation-draft-river-basin-management>

Cén chaoi ar féidir liom mo chuid tuairimí ar an dréachtphlean a roinnt?

Tá fáilte roimh chách a gcuid tuairimí a roinnt:
Seol do chuid tuairimí chuig rbmp@housing.gov.ie

Seol do chuid smaointe chuig:
Comhairliúchán ar Phlean Bainistíochta Abhantraí
An tAonad Comhairliúcháin Uisce agus Mara,
An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil,
Teach an Chustaim,
Baile Átha Cliath 1 DO1 W6X0

Ba mhaith liom tuairimí a roinnt maidir le ceantar nó réigiún

Seol do chuid smaointe ar ríomhphost chuig Oifig Pobal agus Uisce na nÚdarás Áitiúil chuig an seoladh info@lawco.ie

Ba mhaith liom tuilleadh eolais a fháil faoi a bheith páirteach i nithe a bhaineann le cáilíocht uisce go háitiúil

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait nó más mian leat baint a bheith agat le cáilíocht uisce a fheabhsú, déan teagmháil le hOifig Pobail agus Uisce na nÚdarás Áitiúil.

Ríomhphost: info@lawco.ie

Fón: 0761 065 262

Láithreán Gréasáin: watersandcommunities.ie

Cad é an dáta deiridh a nglacfar le mo chuid tuairimí?

Seol do chuid tuairimí faoin 5.30pm an 31 Lúnasa 2017.

6

Dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021

Seol do chuid tuairimí faoin 5.30pm an 31 Lúnasa 2017.

Cén fáth a bhfuil cáilíocht an uisce chomh tábhachtach?

Ní féidir maireachtáil gan uisce. Tá sé riachtanach go mbeadh an t-uisce in aibhneacha, locha agus i ndobharlaigh eile mar uisce le cósta ar cháilíocht mhaith. Tugann sin cosaint don chomhshaoil, do sholáthairtí uisce agus do chaighdeán na beatha. Tá uisce ríthábhachtach do chúrsaí tionscal freisin. Ní mór uisce glan a bheith in aibhneacha agus locha le go n-éireoidh leis na tionscail turasóireachta agus iascaigh, mar shampla. Teastaíonn neart uisce glan ón tionscal cógaisíochta chun bia agus cógais a tháirgeadh.

Cén chaoi ar féidir linn cáilíocht an uisce a fheabhsú?

Measann an Rialtas gur féidir linn cáilíocht uisce a fheabhsú trí rannpháirteacht ón bpobal agus na struchtúir chearta a chruthú chun gníomhartha a chur i bhfeidhm. Féadfaidh pobail, iontaobhais aibhneacha agus eagraíochtaí eile a gcuid a dhéanamh.

Chun a chinntiú go gcuirimid feabhas ar cháilíocht uisce ar fud na tíre, tá dréachtdoiciméad curtha le chéile ag an rialtas dar teideal Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn (2028-2021). Leagtar amach sa phlean na gníomhartha a ghlacfaidh na hearnálacha, eagraíochtaí, pobail agus comhlachtaí Stáit éagsúla chun 4,832 dobharlach ar fud na hÉireann a chosaint ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Is é seo an dara plan chun abhantracha na tíre a bhainistiú. Is ionann abhantrach is limistéar talún a ndéanann abhainn draenáil air. Sula dtabharfar an plan chun críche, is mian leis an Rialtas do chuid tuairimí a fháil nó cloisteáil faoi aon ní atá ag déanamh inní duitse. Mínítear sa leabhrán seo:

- a bhfuil sa dréachtphlean;
- cá bhfaighidh tú tuilleadh eolais; agus
- conas do chuid smaointe agus inní a roinnt.

1

Cé chomh glan is atá uisce na hÉireann?

Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) monatóireacht ar cháilíocht uisce in Éirinn. I measc phríomhthorthaí an EPA tá:

- Laghdú ar chionroinnt aibhneacha ina bhfuil cáilíocht uisce den scoth.
 - Idir 2007 agus 2009, bhí cáilíocht uisce den scoth ag baint le 13% d'aibhneacha
 - Idir 2013 agus 2015, bhí cáilíocht uisce den scoth ag baint le 10% d'aibhneacha
- Is lú docharlaigh ar ardstádas, leithéid aibhneacha agus lochanna, atá anois ann ná nuair a cuireadh an chéad dréachtphlean bainistíochta abhantraí i bhfeidhm. Bíonn uisce ar ardcháilíocht i ndocharlaigh ardstádais.
 - Tá cáilíocht uisce ar ardstádas ag baint le 55% d'aibhneacha
 - Tá cáilíocht uisce ar ardstádas ag baint le 46% de lochanna
 - Tá cáilíocht uisce ar ardstádas ag baint le 44% d'inbhir
 - Tá cáilíocht mhaith uisce ag baint le 91% de screamhuisce – uisce faoi thalamh
- Aithnítear go bhfuil an t-uisce i mbeagnach a tríú cuid (32%) de na docharlaigh a ndearnadh measúnú orthu le déanaí i mbaol nó nach bhfuil an t-uisce ag teacht leis na caighdeáin a bhaineann le cáilíocht uisce ar ardstádas.

Cad a dhéanann dochar do cháilíocht uisce?

Talmhaíocht	<ul style="list-style-type: none">• Cothaitheigh mar fosfar agus nítrigin ar ábhar iad a bhíonn in aoileach agus i sciodar a thruaillíonn uisce• Dríodar ar ionann é is ábhar mar ithir a ritheann chun srutha as páirceanna• Truailliú feirme a ritheann chun srutha, a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar aoileach stóráilte nó uisce truaillithe, ar a dtugtar truailliú poncfhoinsé
Dramhuisce uirbeach	<ul style="list-style-type: none">• Truailliú ó shéarachas gan cóireáil nó gan cóireáil leordhóthanach
Athruithe ar an timpeallacht uisceach	<ul style="list-style-type: none">• Athruithe fisiciúla nó damáiste do ghnáthóga uisceacha ar limistéir iad in aice le docharlaigh nó timpeall orthu, bruacha abhann mar shampla
Foraoiseacht	<ul style="list-style-type: none">• Glanleagan crann – gach crann i bhforaois a leagan• Talamh a dhraenáil ar mhaithe le foraoiseacht• Foraoisí a chur agus a bhunú
Baint Mhóna	<ul style="list-style-type: none">• Cáithníní in uisce a athraíonn an timpeallacht uisceach• Go bhféadfadh amóinia scaoileadh, ar gach ceaptha teasa é
Dramhuisce baile	<ul style="list-style-type: none">• Truailliú ó dhabhcha séarachais agus ó chórais cóireála séarachais tí eile
Rith chun srutha i gceantair uirbeacha	<ul style="list-style-type: none">• Rith chun srutha ó dhromchlaí pábháilte agus nach bhfuil pábháilte
Speicis choimhthíocha ionracha	<ul style="list-style-type: none">• Plandaí nach plandaí dúchasacha iad mar an Glúineach Bhiorach• Sliogéisc nach sliogéisc dúchasach é mar an diúilicín riabhach

Is baol iad seo d'éiceachórais agus déanann dochar don timpeallacht.

Cad iad na príomhghníomhartha sa dréachtphlean?

Seo a leanas na príomhghníomhartha sa dréachtphlean. Táthar ag súil go mbeidh siad i bhfeidhm idir 2018 agus 2021.

Feabhas ar chóireáil dramhuisce

Cuirfidh Uisce Éireann 105 ionad cóireála dramhuisce nua nó uasghrádaithe ar fáil ar i gceantair uirbeacha.

Tuilleadh cosanta d'uisce le hól

Déanfaidh Uisce Éireann measúnú riosca ar 353 foinsé poiblí uisce le hól ar fud na tíre.

Tionscnaimh feirmeoireachta chun cáilíocht uisce a fheabhsú

Bunóidh an Fóram Náisiúnta Inmharthanachta Déiríochta clár píolótach faoi stiúir chomharchumainn déiríochta chun eolas le feirmeoirí déirí a mhalartú maidir le dea-bhainistíocht ar chothaitheigh agus ar thruailliú feirmeacha ar a dtugtar truailliú poncfhoinsé. Leagtar amach gníomhartha eile i dtaobh na talmhaíochta sa dréachtphlean.

Clár Dhobharcheantair an Bhaill Ghoirm

Faoi Chlár Dhobharcheantair an Bhaill Ghoirm cruthófar líonra de limistéir aibhneacha agus lochanna. Oibreoidh gníomhaireachtaí le chéile chun dea-cháilíocht an uisce a thabhairt ar ais sna docharlaigh seo.

An Fóram Náisiúnta Uisce

Tá Fóram Náisiúnta Uisce bunaithe ag an Rialtas.

Áirítear ar an bhfóram páirtithe leasmhara i dtaobh uisce, leithéid grúpaí pobail agus ionadaithe talmhaíochta.

Ardóidh an fóram feasacht i measc an phobail. Déanfaidh an fóram anailís freisin ar gach saincheist a bhaineann le huisce.

Rannpháirtíocht níos mó ón bpobal

Cuideoidh Oifig nua Pobail agus Uisce na nÚdarás Áitiúil leat a bheith páirteach i ngníomhartha chun cáilíocht uisce i ndocharlaigh agus go háitiúil a fheabhsú.